

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin amhránaí mór le rá, Shane MacGowan, a fuair bás an tseachtain seo caite. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.



Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
amhránaí grúpa ceoil ...	<i>frontman ...</i>

1. Cén bhliain a rugadh Shane MacGowan?
2. Cén áit ar rugadh é?
3. An bhfuil cur amach agat ar aon amhrán dá chuid?
4. Cuir na fíricí thíos in ord cróineolaíoch:



- Bhunaigh sé an grúpa *Pogue Mahone*, ar tugadh *The Pogues* air tar éis tamaill.
- Bhunaigh sé an grúpa *The Nips*.
- Thairfead sé *Fairytale of New York* le Kirsty MacColl.
- Eisíodh an t-albam *Red Roses for me* sa bhliain 1987.

B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

ómós	<i>bet, wager</i>
aitheanta	<i>he recorded</i>
timpeallaithe	<i>homage</i>
buíon cheoil	<i>challenge</i>
scoir	<i>heritage</i>
geall	<i>surrounded by</i>
dúshlán	<i>separate (verb)</i>
thaifead sé	<i>recognisable</i>
ealaíonta	<i>artistic, poetic</i>
dúchas	<i>music band</i>

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Bhunaigh Shane MacGowan *Pogue Mahone* nuair a _____ sé ó Shanne Bradley.
- Bhí sé _____ ag ceol traidisiúnta agus ceol tíre nuair a bhí sé óg.
- Bhunaigh sé _____ darbh ainm *The Nips* sa bhliain 1977.
- Tá an t-amhrán *Fairytale of New York* an-_____ ar fad aimsir na Nollag.
- Tá _____ na hÉireann le fáil in amhráin MacGowan.
- _____ *Fairytale of New York* le Kirsty MacColl.
- Tá _____ á léiriú do phríomhamhránaí *The Pogues* in Éirinn agus thar lear.
- Cuireadh _____ le Shane MacGowan nach mbeadh sé in ann amhrán Nollag a chumadh ach d'fhreagair sé an _____ sin le *Fairytale of New York*.
- Dúirt Michael D. Higgins go raibh amhráin MacGowan scríofa go foirfe, _____.

3. Cén focal a bhí ag Eibhlín Ní Choistealbha ar 'tinn'?

4. Cad is brí leis an seanfhocal – 'Briseann an dúchas trí shúile an chait.'?

5. Cad is brí leis na focail: **amhrán** agus **amhránaí**? Cén uimhir iolra atá ag na focail seo? Téigh go dtí www.teanglann.ie mura bhfuil tú cinnte.

C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceistanna thíos.

1. Cén aois a bhí Shane MacGowan nuair a fuair sé bás?
2. Cárbh as do Shane agus cárbh as dá thuismitheoirí?
3. Cén áit ar chaith sé cuid mhaith dá óige agus cad a bhí thart timpeall air san áit sin?
4. Cad a tharla don ghrúpa *The Nips*?
5. Cén t-ainm a bhí ar an gcéad albam a bhí ag *The Pogues*?
6. Cén fáth ar scríobh sé *Fairytale of New York*?
7. Cad a dúirt an tUachtarán Michael D. Higgins, faoi Shane MacGowan?



D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (one of ...)

- a) Féach ar na samplaí seo ón mír leis an duine in aice leat. Cad is féidir libh a rá faoin dá abairt?

‘Tá *Fairytale of New York* ar cheann de na hamhráin Nollag is aitheanta ...’

‘... ag rá go raibh sé ar dhuine de na scríbhneoirí amhrán ab fhearr sa domhan ...’

- b) Cad atá **mícheart** faoin abairt seo?

Bhí Shane MacGowan ar cheann de na scríbhneoirí amhrán ab fhearr ...

- c) Aistrígí na habairtí thíos go Gaeilge:

It's one of the best books I've read in ages.

She's one of the best musicians around.

He was one of the best footballers on the team.

One of the girls will be visiting me later.

It was one of the most difficult exams I have ever done.

2: Cúrsaí foghraíochta ('sh' sa Ghaeilge)

- a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus éistigí arís leis an líne thíos ón mír. Cad is féidir libh a rá faoin 'sh' sa Bhéarla agus an 'sh' sa Ghaeilge?

‘In Pembury in Kent **Shasana** a rugadh **Shane** MacGowan, Lá Nollag 1957.’

- b) Is minic a bhíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí an focal ‘dúshlán’ a fhuaimniú. Conas a fhuaimníonn sibh féin é? Téigí go dtí <https://www.teanglann.ie/ga/fuaim> le bheith cinnte go raibh an ceart agaibh. An gceapann sibh go bhfuil an ‘sh’ fuaimnithe mar an gcéanna sna trí chanúint?
- c) Éistigí anois leis an líne eile seo ón mír. An bhfuil an difríocht idir an ‘sh’ sa Bhéarla agus an ‘sh’ sa Ghaeilge níos soiléire anois?

‘... d'fhreagair **Shane** an dúshlán sin gan stró le *Fairytale of New York* ...’

E: CUMARSÁID

1: Caint

Cad é an t-amhrán is fearr leat? B'fhéidir go dtaitníonn a lán amhrán leat, ach roghnaigh amhrán amháin anois agus cuir roinnt eolais faoin amhrán sin i láthair an ranga. Bíodh na pointí thíos clúdaithe agat i do chur i láthair:

- ✓ Ainm an amhráin.
- ✓ Ainm an ghrúpa nó ainm an amhránaí.
- ✓ Cúlra an ghrúpa nó cúlra an amhránaí.
- ✓ Cúlra an amhráin (cathain a eisíodh é srl.)
- ✓ Cur síos gearr ar théama an amhráin.
- ✓ Seinn an t-amhrán ar feadh 30 soicind os comhair an ranga.
- ✓ Abair cén fáth a dtaitníonn an t-amhrán leat.



2: Scríobh



Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta ag déanamh cur síos ar an amhrán is fearr leat. Tabhair an oiread eolais agus is féidir leat faoin amhrán agus an chúis a dtaitníonn sé leat.

AN SCRIPT

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá ómós á léiriú anseo in Éirinn agus ar fud an domhain do phríomhamhránaí *The Pogues*, Shane MacGowan, atá tar éis bháis. Bhí sé 65 bliain d'aois agus bhí sé breoite le tamall. Tá a amhrán *Fairytale of New York*, ar cheann de na hamhráin Nollag is aitheanta ar fud an domhain mhóir.

Ailbhe Ó Monacháin

In Pembury in Kent Shasana a rugadh Shane MacGowan, Lá Nollag 1957. Ba as Baile Átha Cliath a athair agus Tiobradach a bhí ina mháthair. Sa chontae sin a chaith sé cuid mhaith dá óige, agus é timpeallaithe ag ceol traidisiúnta agus tíre.

In 1977 a cheol¹ sé agus a scríobh sé don ghrúpa *The Nips*, buíon cheoil *punk* a bhunaigh sé lena chailín Shanne Bradley. Ach, nuair a scoir siad sin, bhunaigh sé grúpa darbh ainm *Pogue Mahone*, a d'athraigh a ainm ar ball go dtí *The Pogues*.

Red Roses for Me a bhí ar a gcéad albam in 1984. Amhráin mar *Dark Streets of London*, agus leagan de *Waxie's Dargle* agus *The Boys from the County Hell*. Amhráin a tharraing aird a lucht leanúna, go háirithe Éireannaigh óga i Sasana.

Ach, cuireadh geall leis in 1987, nach dtiocfadh leis amhrán Nollag a scríobh agus d'fhreagair Shane an dúshlán sin gan stró le *Fairytale of New York*, a thaifead sé le Kirsty MacColl.

I ráiteas ón Uachtarán, Michael D. Higgins, mhol sé Shane MacGowan, ag rá go raibh sé ar dhuine de na scríbhneoirí amhrán ab fhearr sa domhan agus go raibh a chuid amhrán scríofa go foirfe, ealaíonta. Dúirt sé gur cheangail focail a chuid amhrán Éireannaigh ar fud an domhain lena ndúchas agus a stair.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4.

¹ ceol = leagan canúnach de 'can'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna / gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí ‘machnamh’ a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Tá na freagraí le fáil sa script.

B: FOCLÓIR

1. Féach:

ómós	<i>homage</i>
aitheanta	<i>recognisable</i>
timpeallaithe	<i>surrounded by</i>
buíon cheoil	<i>music band</i>
scoir	<i>separate</i>
geall	<i>bet, wager</i>
dúshlán	<i>challenge</i>
thairfead sé	<i>he recorded</i>
ealaíonta	<i>artistic, poetic</i>
dúchas	<i>heritage</i>

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Bhunaigh Shane MacGowan *Pogue Mahone* nuair a **scoir** sé ó Shanne Bradley.
- Bhí sé **timpeallaithe** ag ceol traidisiúnta agus ceol tíre nuair a bhí sé óg.
- Bhunaigh sé **buíon cheoil** darbh ainm *The Nips* sa bhliain 1977.
- Tá an t-amhrán *Fairytale of New York* an-**aitheanta** ar fad aimsir na Nollag.
- Tá **dúchas** na hÉireann le fáil in amhráin MacGowan.
- **Thairfead sé** *Fairytale of New York* le Kirsty MacColl.
- Tá **ómós** á léiriú do phríomhamhránaí *The Pogues* in Éirinn agus thar lear.
- Cuireadh **geall** le Shane MacGowan nach mbeadh sé in ann amhrán Nollag a chumadh ach d'fhreagair sé an **dúshlán** sin le *Fairytale of New York*.
- Dúirt Michael D. Higgins go raibh amhráin MacGowan scríofa go foirfe, **ealaíonta**.

3. Breoite.
4. Go bhfuil an nádúr go láidir ionainn. Is é an rud is dual do chat ná luchóg a mharbh. Nó i mBéarla – *the apple doesn't fall far from the tree.*
5. Amhrán (song) / amhráin (songs); amhránaí (singer) / amhránaithe (singers).

C: TUISCINT

Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (one of ...)

- a) Ciallaíonn 'ar cheann de na' – *one of the (things)* agus 'ar dhuine de na' - *one of the (people)*.
Féach:

'Tá *Fairytale of New York* **ar cheann de na** hamhráin Nollag is aitheanta ...'
(*Fairytale of New York* **is one of the** most recognisable Christmas songs...)
'... ag rá go raibh sé **ar dhuine de na** scríbhneoirí amhrán ab fhearr sa domhan ...'
(... saying that he was **one of the best** songwriters in the world...)

- b) Is duine é Shane MacGowan agus mar sin ba cheart go mbeadh an abairt mar seo:

Bhí Shane MacGowan ar **dhuine** de na scríbhneoirí amhrán ab fhearr ...

- c) Féach:

It's one of the best books I've read in ages.

Tá sé ar cheann de na leabhair is fearr a léigh mé le fada.

She's one of the best musicians around.

Tá sí ar dhuine de na ceoltóirí is fearr timpeall orainn.

He was one of the best footballers on the team.

Bhí sé ar dhuine de na peileadóirí ab fhearrar an bhfoireann.

One of the girls will be visiting me later.

Beidh duine de na cailíní ag tabhairt cuairte orm ar ball beag.

It was one of the most difficult exams I have ever done.

Bhí sé ar cheann de na scrúduithe ba dheacra a rinne mé riamh.

2: Cúrsaí foghraíochta ('sh' sa Ghaeilge)

- a) Seinn an líne sin ón mír arís. Déan thusa athrá ar na focail 'Shasana' agus 'Shane'. Tarraing aird na bhfoghlaimoirí ar an dóigh a n-athraíonn an béal nuair a fhuaimnítear 'sh' sa Bhéarla agus 'sh' as Ghaeilge. Scríobh na focail eile seo ar an gclár agus iarr ar na foghlaimoirí iad a rá amach os ard. Ceartaigh iad más gá.

should **vs** ar shochraid / shall **vs** ar shaighdiúir / ship **vs** róshimplí / shell **vs** ó sheomra / shudder **vs** trí shúile.

- b) Treoraigh na foghlaimoirí go dtí teanglann.ie / foghraíocht agus iarr orthu éisteacht leis an bhfocal 'dúshlán' sna trí chanúint. Cé nach bhfuaimnítear an focal 100% mar an gcéanna sna canúintí éagsúla, tá an fhuaim 'sh' mar an gcéanna mar sin féin.
- c) Tabhair an deis dóibh 'sh' an Bhéarla agus 'sh' na Gaeilge a chur i gcomparáid arís tríd an abairt thíos a sheinm arís: d'fhreagair **Shane** an dúshlán sin gan stró le *Fairytale of New York ...*

E: CUMARSÁID**1: Scríobh**

Tabhair deis do na foghlaimeoirí labhairt faoin amhrán is fearr leo féin. Ba cheart go mbeadh siad ar bís na hamhráin is fearr leo a roinnt leis an rang.

2: Caint

Iarr orthu postáil ghearr a scríobh faoin amhrán is fearr leo.

Curtha ar fáil ag



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

**Lárionad
na Gaeilge**
Taighde, Teagasc
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscoláíocht



**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

